Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2022
(OR. en)

6473/22

SOC 98
EMPL 63
ECOFIN 160
EDUC 60

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6402/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2022 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht |

1. D'ullmhaigh an uachtaránacht an tsraith dréachtchonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo, maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2022 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

2. Cuireadh na dréachtchonclúidí sin i láthair chruinniú neamhfhoirmiúil físchomhdhála chomhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta an 21 Feabhra 2022. Ag deireadh an chomhairliúcháin neamhfhoirmiúil i scríbhinn an 23 Feabhra 2022, níor chuir aon toscaireacht i gcoinne an téacs comhréitigh ón uachtaránacht de na dréachtchonclúidí ón gComhairle.

3. Iarrtar ar an gCoiste na dréachtchonclúidí atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 14 Márta 2022 lena nglacadh.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2022 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht**

1. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go raibh, in ainneoin gur maolaíodh ar thionchar socheacnamaíoch ghéarchéim dhomhain COVID-19, tionchar níos láidre aici ar roinnt grúpaí amhail daoine óga, go háirithe daoine óga a bhí ag tosú i bpost, agus ar dhaoine a bhí i staideanna leochaileacha cheana féin. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go bhfuil aird tarraingthe ag an téarnamh eacnamaíoch ar roinnt dúshlán atá ann le fada, go háirithe maidir le rannpháirtíocht grúpaí áirithe sa mhargadh saothair agus ganntanais lucht saothair agus mímheaitseálacha scileanna atá ag dul i méid. Á ADMHÁIL DI go leanann an phaindéim leanúnach de bhrú a chur ar na córais cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh sna Ballstáit.

2. Á ADMHÁIL DI na bearta éagsúla a chuir na Ballstáit agus an tAontas chun feidhme, chomh maith le ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta maidir le héifeachtaí sóisialta agus fostaíochta ghéarchéim COVID-19 a mhaolú.

3. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI freagairt eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear trí thacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) agus an ionstraim théarnaimh Next Generation EU, agus go n-áirítear leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh go dtí seo athchóirithe agus infheistíochtaí suntasacha i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus na mbeartas sóisialta.

4. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirfear tús arís le comhordú níos leithne an bheartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta sa Seimeastar Eorpach in 2022, agus ceanglais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta á gcur san áireamh, go háirithe trí chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chomhlánú agus trí chur leis an idirphlé cuiditheach idir an Coimisiún agus na Ballstáit, chomh maith le faireachas iltaobhach éifeachtach.

5. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tuarascálacha de réir tíre a fhoilsiú agus moltaí tírshonracha a mholadh in earrach na bliana 2022.

6. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go mbeidh an Seimeastar Eorpach fós ina chreat foriomlán AE chun beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta a chomhordú, agus go leanfar dá úsáid chun cuidiú leis na dúshláin bheartais ábhartha a shainaithint, tosaíochtaí beartais a leagan síos, treoir bheartais a chur ar fáil agus faireachas agus faireachán ar bheartais a áirithiú, agus i bhfianaise na n-athruithe struchtúracha a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus leis an athrú déimeagrafach freisin.

7. Á ADMHÁIL DI go bhfuil na ceithre ghné de chlár oibre an Aontais don inbhuanaitheacht iomaíoch (inbhuanaitheacht comhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch) chomh hábhartha agus a bhí riamh chun an téarnamh eacnamaíoch a threorú, agus Á CHUR I dTREIS DI gur cheart dóibh a bheith fíorchomhlántach agus comhthacúil, ionas go mbeidh deiseanna ann do chách agus nach bhfágfar aon duine ar lár.

8. Á CHUR I dTREIS DI a thábhachtaí atá sé prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme don chóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, lena n-áirítear trí phríomhspriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta agus leas a bhaint as an scórchlár sóisialta athbhreithnithe chun an dul chun cinn a mheas. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ón gCoimisiún le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 agus an bhéim fheabhsaithe atá inti ar phrionsabail an Cholúin, chomh maith le comhtháthú na bpríomhspriocanna agus na dtáscairí ceannlíne athbhreithnithe den scórchlár sóisialta sa togra mar chuid den Seimeastar Eorpach, i gcomhréir le Dearbhú Porto.

9. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an gá atá le beartais ghníomhacha, dhea-cheaptha, éifeachtacha don mhargadh saothair, mar aon le tacaíocht leordhóthanach ó sheirbhísí fostaíochta poiblí, agus bearta treisithe maidir le huas-sciliú agus athsciliú chun aistrithe post a éascú, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair atá ag dul i méid, chun tacú leis an téarnamh agus le haistrithe digiteacha atá glas agus cothrom ar bhonn sóisialta. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an gá atá le torthaí foghlama a fheabhsú agus neamhionannais san oideachas agus san oiliúint a laghdú, agus a gcáilíocht agus a n-ábharthacht don mhargadh saothair á neartú ag an am céanna, i bhfianaise an aistrithe déigh freisin.

10. Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá sé deighilt mhargadh an tsaothair a laghdú agus cruthú post ardcháilíochta a chothú, lena n-áirítear tríd an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn, ionchais daoine óga sa mhargadh saothair a fheabhsú agus rannpháirtíocht na mban agus na ngrúpaí tearcionadaithe eile sa mhargadh saothair a neartú, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá sé timpeallachtaí sábháilte oibre a áirithiú, agus iad á gcur in oiriúint do na ceanglais iarphaindéime, agus socruithe solúbtha oibre á gcur ar fáil, agus cothromaíocht oibre is saoil iomchuí a áirithiú, lena n-áirítear tríd an gceart chun dícheangail.

11. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an ról lárnach atá ag na córais cosanta sóisialta maidir le tionchar ghéarchéim COVID-19 a mhaolú gan méaduithe suntasacha a bheith ar rioscaí bochtaineachta ná ar an neamhionannas ioncaim. Á CHUR I dTREIS DI go bhfuil na rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta fós ard do ghrúpaí áirithe daonra, amhail teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas nó faoi riachtanais cúraim fhadtéarmaigh, daoine a rugadh lasmuigh den Aontas agus Romaigh, a bhfuil gá le hidirghabhálacha beartais spriocdhírithe ina leith.

12. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI an gá leanúnach atá le hinfheistiú a dhéanamh i gcosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta leordhóthanach agus inbhuanaithe lena dtacaítear le leasuithe chun leibhéil cosanta sóisialta a choinneáil agus a neartú, agus feabhas a chur ar rochtain ar chosaint do na daoine siúd nach gcumhdaítear iad nó nach gcumhdaítear go leordhóthanach iad. Á CHUR I dTREIS DI an gá atá le hathchóirithe agus infheistíochtaí leanúnacha sna córais cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh chun athléimneacht, cáilíocht agus inrochtaineacht an chúraim a fheabhsú.

13. Á CHUR I dTREIS DI gur réamhriachtanas do dhea-fheidhmiú gheilleagar mhargadh sóisialta na hEorpa é an t-idirphlé sóisialta ardcháilíochta agus éifeachtach, chomh maith le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, agus chun torthaí beartais níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí a áirithiú.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

14. IARRANN SÍ AR na Ballstáit tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil Fáis agus na torthaí ón Tuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú, agus dlús a chur lena n-iarrachtaí prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.

15. IARRANN SÍ AR na Ballstáit na comhpháirtithe sóisialta agus na geallsealbhóirí ábhartha eile a rannpháirtiú ar bhonn córasach ar bhealach tráthúil fóinteach ag gach céim de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh, mar go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun go n-éireoidh le comhordú agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta.

16. IARANN SÍ AR an gCoimisiún an Seimeastar Eorpach a choinneáil dírithe ar bheartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta agus comhsheasmhacht á háirithiú agus forluí le creataí eile rialachais á sheachaint i rith an ama.

17. MOLANN SÍ DON Choimisiún leas a bhaint as an Tuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta agus as fianaise ón scórchlár sóisialta athbhreithnithe, le hais anailísí tírshonracha eile agus i gcomhar leis na Ballstáit trí idirphlé agus bunaithe ar Fhaireachas Iltaobhach an tSeimeastair, chun na príomhdhúshláin a shainaithint san Aontas agus sna Ballstáit lena mbreithniú i dtuarascálacha tíre agus moltaí tírshonracha.

18. MOLANN SÍ DON Choimisiún faireachán a dhéanamh ar thionchar fostaíochta agus sóisialta na n-aistrithe glasa agus digiteacha faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

19. IARANN SÍ AR na Ballstáit agus ar an gCoimisiún leanúint de phróiseas faireachais iltaobhaigh a bheidh trédhearcach agus éifeachtach i gcomhordú bheartas eacnamaíoch an Aontais ag gach céim den Seimeastar Eorpach agus i ngach foirmíocht ábhartha den Chomhairle.

20. MOLANN SÍ DON Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta leanúint dá gcuid oibre maidir le faireachas iltaobhach ar mholtaí tírshonracha agus ar dhúshláin fostaíochta agus shóisialta, lena n-áirítear trí athbhreithnithe téamacha, plé cothrománach, agus foghlaim fhrithpháirteach, agus i gcomhar, i gcás inarb ábhartha, leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, leis an gCoiste Oideachais agus leis an Meitheal um an tSláinte Phoiblí (Ardleibhéal).

21. IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta leanúint dá gcuid oibre maidir le creataí faireacháin agus tagarmharcála a cheapadh, agus maidir le huirlisí faireacháin atá ann cheana a ailíniú a thuilleadh.

22. IARANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta leanúint de bheith ag machnamh ar an ngá atá leis na sásraí iltaobhacha atá ann cheana a bheachtú chun éagsúlachtaí sóisialta i mBallstáit an Aontais a shainaithint agus a chosc a thuilleadh, lena n-áirítear trí leanúint dá gcuid oibre ar thuairim don Chomhairle lena ndéanfaí scrúdú breise féachaint an bhféadfaí Nós Imeachta um Éagothroime Shóisialta a thabhairt isteach.